S38T
DON SCRÚDAITHEOIR

**SCRÚDUIMHIR** ☛ [ ]

Iomlán Na Marcanna [ ]

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2002

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

### GNÁTHLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE 14 MEITHEAM - TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.00***

**Iomlán na Marcanna 240**

**STAMPA AN IONAID**

| Don scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| Roinn A (Iomlán) | |
| | |
| Roinn B 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **IOMLÁN** ➡ | |
| **GRÁD** ➡ | |

**TREORACHA**

1. **Roinn A - 80 marc.**
   Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna ó Roinn A; tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. **Roinn B - 160 marc.**
   Freagair 4 (ceithre) ceist ó Roinn B; tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

3. ***Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.***

4. Ní mór an freagarleabhar comhlánaithe a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.



THALL→

# ROINN A

## 80 marc

**Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

1. Liostaigh **dhá** fhoinse snáithín san aiste bia.

   **(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

2. Tabhair feidhm thábhachtach **amháin** a bhaineann le **gach ceann ar leith** de na cothaithigh seo:

| COTHAITHEACH | FEIDHM |
|---|---|
| **(i)** Cailciam | **(i)** |
| **(ii)** Saill | **(ii)** |

3. Cuir **gach ceann** de na torthaí atá liostaithe thíos faoin gceannteideal ceart:

**oráistí; plumaí; sútha craobh; seadóga; sméara dubha.**

| RANGÚ TORTHAÍ | | |
|---|---|---|
| **CITREAS** | **CAORA** | **CLOCH** |
| | | |
| | | |
| | | |

4. Mínigh **dhá** cheann ar bith de na téarmaí cócaireachta seo a leanas:

   **(i)** glónra ______________________

   ______________________

   **(ii)** cuimil isteach ______________________

   ______________________

   **(iii)** bácáil chaoch ______________________

   ______________________

**5.** Tabhair **<u>dhá</u>** chúis a bhfuil níos mó de thóir ar bhianna áise.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**6.** Liostaigh **<u>dhá</u>** thoisc ba chóir a chur san áireamh agus bróga á gceannach do dhéagóir.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**7.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



______________________________

______________________________

______________________________

**8.** Roghnaigh an focal ceart ón liosta seo a leanas chun **(i)** agus **(ii)** thíos a chomhlánú.

**Buiséad; Tomhaltóir; Nóta creidmheasa; Ráthaíocht.**

**(i)** ______________ is ea an té a cheannaíonn nó a úsáideann táirge nó seirbhís.

**(ii)** Is é an rud atá i gceist le ______________ ná conradh idir an déantóir agus an tomhaltóir.

**9.** Cad iad na buntáistí a bhaineann le hairgead a choigilt?

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**10.** Tabhair **<u>dhá</u>** chúis a bhfuil sé tábhachtach dóthain codlata a fháil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**11.** Maidir le **gach ceann** díobh seo a leanas, luaigh cé acu an riachtanas fisiciúil **nó** riachtanas mothálach é.

**Dídean; Grá; Bia; Éadaí; Slándáil.**

| RIACHTANAIS FHISICIÚLA | RIACHTANAIS MHOTHÁLACHA |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**12.** Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le haclaíocht rialta.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________


**13.** Cuir in iúl le tic [✓] cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Spás is ea déidín i lár fiacaile ina bhfuil na néaróga agus an soláthar fola. | | |
| **(ii)** | Is é is brí le caithreachas ná aibíocht ghnéasach a bhaint amach. | | |
| **(iii)** | Bail chnis is ea aicne a chuireann as do dhéagóirí go príomha. | | |

**14.** Ainmnigh dath te **amháin** agus dath fionnuar **amháin**.

| DATH TE | DATH FIONNUAR |
|---|---|
| **(i)** ____________________ | **(ii)** ____________________ |

**15.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl dom tomhaltóir?



____________________

____________________

____________________

**16.** Ainmnigh **dhá** bhreosla éagsúla atá oiriúnach do théamh tí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**17.** Cén fáth a mbaintear úsáid as cuirtíní sa bhaile?

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**18.** Cuir tic [✓]leis an bhfreagra ceart.

Is é is dlúthchiumhais ann ná

**(i)** Filleadh pointeáilte éadaigh a úsáidtear chun cruth a chur ar bhall éadaigh. ☐

**(ii)** Ciumhais chríochnaithe ar fhabraic nach sceitheann. ☐


**(iii)** Filleadh dúbailte a mbaintear úsáid as chun bailchríoch a chur ar bhall éadaigh. ☐

**19.** Cén t-eolas a chuireann **gach ceann** de na siombailí chúram fabraice seo a leanas in iúl don tomhaltóir?

**(i)**




**(ii)**



**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**20.** Ainmnigh oiriúint éadaigh **amháin** do bhuachaillí sna déaga **agus** do chailíní sna déaga a bhfuil an-tóir uirthi.

**(i)** **Buachaillí** ______________________________

**(ii)** **Cailíní** ______________________________



THALL→

## ROINN B
## 160 marc

**Freagair ceithre cheist ón roinn seo.**

1.

| COMHDHÉANAMH BAINNE | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **PRÓITÉIN** | **SAILL** | **CARBAIHIODRÁIT** | **UISCE** | **VITIMÍNÍ** | **MIANRAÍ** |
| 3.5% | 4% | 4.5% | 87% | A, B, D | Cailciam |

**(a)** Agus úsáid á baint as an eolas sa tábla thuas, tabhair **trí** chúis le bainne a chur in aiste bia déagóra ghníomhaigh.

**(i)** ____________________

____________________

**(ii)** ____________________

____________________

**(iii)** ____________________

____________________

**(b)** Ainmnigh cothaitheach **amháin** nach bhfuil i mbainne ____________________

**(c)** Ainmnigh **ceithre** chineál bainne atá ar fáil in ollmhargaí agus luaigh úsáid éagsúil a bhaintear as **gach** cineál díobh.

| CINEÁLACHA BAINNE | ÚSÁID |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |
| **(iii)** | **(iii)** |
| **(iv)** | **(iv)** |

**(d)** Ainmnigh **ceithre** tháirge bhainne.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

2. **(a)** Ainmnigh iasc **amháin** atá i **ngach** grúpa díobh seo a leanas.

| IASC GEAL | IASC OLÚIL | IASC SLIOGÁNACH |
|---|---|---|
| (i) | (i) | (i) |

**(b)** Tabhair **trí** chúis ar chóir iasc a chur san áireamh san aiste bia.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Mol **trí** bhealach le páistí a spreagadh chun iasc a ithe.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(d)** Pleanáil biachlár lóin phacáilte do dhéagóir agus iasc san áireamh.

| ***BIACHLÁR LÓIN PHACÁILTE*** |
|---|
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |

**(e)** Liostaigh **dhá** threoirlíne ba chóir a leanúint agus iasc úr á stóráil agat.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

3. **(a)** Tabhair **dhá** fheidhm atá ag na scamhóga.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(b)** Luaigh **dhá** iarmhairt dhíobhálacha atá ag caitheamh tobac ar na scamhóga.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(c)** Cén fáth a gcaitheann roinnt daoine óga tobac?

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(d)** Luaigh **dhá** bhealach atá triallta ag an Rialtas chun srian a chur le caitheamh tobac.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**(e)** Céard is brí le handúil? ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**4.** **(a)** Céard is buiséad ann? ______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** Luaigh **<u>trí</u>** bhuntáiste a bhaineann le buiséad a phleanáil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Mínigh an téarma ***ioncam glan*** ______________________________

______________________________

______________________________

**(d)** Is é an rud a chiallaíonn creidmheas ná ceannach anois agus íoc níos deireanaí. Liostaigh **<u>trí</u>** chineál chreidmheasa atá ar fáil do thomhaltóir.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(e)** Liostaigh **<u>dhá</u>** bhuntáiste agus **<u>dhá</u>** mhíbhuntáiste a bhaineann le hearraí a cheannach ar cairde.

**Buntáistí**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**Míbhuntáistí**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**5.** Iarradh ort leagan amach seomra codlata/staidéir déagóra a phleanáil.

**(a)** Tabhair **ceithre** threoirlíne a leanfá agus leagan amach an tseomra á phleanáil agat.


**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(b)** Tarraing sceitse de leagan amach seomra codlata/staidéir an déagóra ar an bplean urláir anseo thíos agus cuir lipéid leis.




**(c)** Taispeáin **dhá** ionad oiriúnacha ar do sceitse den phlean urláir do shoicéid leictreacha agus tabhair **dhá** chúis a gceapann tusa na hionaid seo a bheith oiriúnach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(d)** Mol **dhá** bhogthroscán a d'oirfeadh, dar leat, don seomra codlata/staidéir.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

6. **(a)** Ainmnigh, déan sceitse de, agus déan cur síos ar an mball éadaigh atá déanta agat mar chuid de do Staidéar Teicstíle.

**Sceitse**

**Ainmnigh** ______________________________

**Cur síos** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** phointe a chuir tú san áireamh agus éadach á roghnú agat don bhall éadaigh.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(c)** Gan tagairt a dhéanamh don fhabraic, liostaigh **<u>sé</u>** rud a raibh gá agat leo chun an ball éadaigh a dhéanamh agus bailchríoch a chur air.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**(iii)** ______________ **(iv)** ______________

**(v)** ______________ **(vi)** ______________

**(d)** Tabhair **<u>dhá</u>** shampla de ghreamanna a d'úsáid tú agus an ball éadaigh á dhéanamh agat.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________